Forlíonadh ar dheimhniú Europass[*]

Éire/Ireland

1. Teideal an deimhnithe [1]
Cúram agus Oideachas na Luath-Óige
[1] Sa teanga bhunaidh

2. Teideal aistrithe an teastais [1]
[1] Más infheidhme. Níl aon stádas dlíthiúil ag an aistriúchán.

3. Próifíl na scileanna agus na n-inniúlachtaí	
Cuspóir	Is é cuspóir na dámhachtana seo a chumasú don fhoghlaimeoir an t-eolas, na scileanna agus an inniúlacht is gá a fháil chun dul i mbun oibre go neamhspleách agus faoi mhaoirseacht i raon socruithe Cúram agus Oideachas Luath-Óige agus nó chun dul ar aghaidh chuig ardoideachas agus oiliúint.
Eolas	
Fairsinge	Léiriú a thabhairt ar raon leathan eolais a bhaineann le foghlaim, folláine agus forbairt leanaí agus a bhféiniúlachtaí i réimse Chúram agus Oideachas na Luath-Óige.
Cineál	Léiriú a thabhairt ar roinnt coincheapa teoiriciúla agus smaointeoireachta teibí atá ábhartha maidir le cleachtas Chúram agus Oideachas na Luath-Óige, lena n-áirítear cosaint leanaí, le doimhneacht shuntasach i réimsí áirithe.
Fios Gnó & Scil	
Raon	Léiriú a thabhairt ar raon leathan scileanna cleachtais, idirphearsanta, machnamhacha agus modheolaíochta agus soláthar a dhéanamh do riachtanais iomlánaíocha babaithe agus leanaí óga ar leibhéal grúpa
Roghnaíocht	Breithiúnas a fheidhmiú agus freagraí cuí gnásúla á roghnú ar gnáthstaideanna, ar staideanna éagsúla agus ar staideanna neamhaithnidiúla agus ar dhúshláin laistigh de shocrú Chúram agus Oideachas na Luath-Óige.
Inniúlacht	
Comhthéacs	Eolas agus scileanna a léiriú laistigh de raon comhthéacsanna agus suíomhanna de chleachtais Chúram agus Oideachas na Luath-Óige.
Ról	Rannchuidiú le pleanáil, cur chun feidhme agus meastóireacht an churaclaim mar thaca le foghlaim, folláine agus forbairt na leanaí uile, ag aithint a thábhachtaí atá sé oibriú i gcompháirtíocht le baill foirne, tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí/teaghlaigh agus leis an bpobal i gcoitinne.
Foghlaim conas Foghlaim	Freagracht a ghlacadh as foghlaim an duine féin i gcomhthéacs struchtúrach.
Léargas	Machnamh a dhéanamh ar luachanna agus ar chleachtais phearsanta chun bheith mar bhonn taca le féintuiscint agus forbairt phearsanta.

4. Raon na slite beatha atá ar fáil do shealbhóir an deimhnithe [1]

[1] Más infheidhme

(*) Nóta míniúcháin

Tá an doiciméad seo ceaptha chun faisnéis bhreise ar an deimhniú sonraithe a sholáthar; níl aon stádas dlíthiúil aige ann féin. Tá leagan amach na tuairisce bunaithe ar na téacsanna seo a leanas: Rún 93/C 49/01 an 3 Nollaig 1992 ón gComhairle maidir le trédhearcacht cáilíochtaí, Rún 96/C 224/04 an 15 Iúil 1996 ón gComhairle maidir le trédhearcacht teastais ghairmoiliúna, Moladh 2001/613/CE an 10 Iúil 2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soghluaisteacht laistigh den Chomhphobal do mhic léinn, daoine i mbun oiliúna, saorálaithe, múinteoirí agus oiliúnóirí agus Moladh 2008/C 111/01 an 23 Aibreán 2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú Creat Cáilíochtaí na hEorpa um Fhoghlaim ar feadh an tSaoil.

Gheofar tuilleadh faisnéise ag: http://europass.cedefop.europa.eu

5. Bonn oifigiúil an deimhnithe	
Ainm agus stádas na heagraíochta atá ag bronnadh an deimhnithe Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann 26-27 Lána Denzille Baile Átha Cliath 2 Éire Teil: 00 353 1 9058100 Suíomh Gréasáin: www.qqi.ie R-phost: info@qqi.ie Bunaíodh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) i Samhain 2012 faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012. Is é an ghníomhaireacht stáit ar a bhfuil cúram as dearbhú cáilíochta agus cáilíochtaí sa bhreisoideachas agus san ardoideachas araon in Éirinn. Sular bunaíodh an QQI, ba é Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna an comhlacht dámhachtana ábhartha ó 2001-2012. Gníomhaireacht stáit ab ea í a bunaíodh faoi Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 1999 agus a díscaoileadh ar bhunú an QQI.	**Ainm agus stádas an údaráis náisiúnta/réigiúnaigh a sholáthraíonn creidiúnú/aithint an deimhnithe** Aithnítear an deimhniú laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (www.nfq.ie) faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012. Tá an clár seo, as a leanann bhronnadh na dámhachtana seo, bailíochtaithe ag an QQI nó (roimh Shamhain 2012) ag Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna agus é faoi réir shocruithe dearbhaithe cáilíochta an QQI, nó sular bunaíodh an QQI, shocruithe dearbhaithe cáilíochta Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna.
Leibhéal an deimhnithe (náisiúnta nó idirnáisiúnta) **EQF: leibhéal** 4 **CNC: leibhéal** 5 Áirítear ar na torthaí foghlama ar an leibhéal seo raon cuimsitheach scileanna a d'fhéadfadh a bheith sonrach ó thaobh gairme de agus/nó de chineál maoirseachta ginearálta, agus ar ghá miontuiscint theoiriciúil maidir leo. Foráiltear sna torthaí, leis, d'fhócas ar leith ar scileanna foghlama. Baineann na torthaí le dul i mbun oibre ar shlí atá neamhspleách, a bheag nó a mhór, chun glacadh le cúraimí dearaidh agus/nó bainistíochta agus/nó riaracháin. Ar na slite beatha ar an leibhéal seo bheadh ardcheardaí, teicneoir sóisearach agus maor.	**Scála grádaithe / Riachtanais le haghaidh pas** Seo mar a ghrádaítear Deimhnithe ar Leibhéil 4, 5 agus 6: Pas Tuillteanas Pas le Gradam Ní ghrádaítear Deimhnithe ar leibhéil 1, 2 ná 3. Ní bhronntar iad ach amháin má éiríonn leis an iarrthóir sa mheasúnú is infheidhme.
Rochtain ar an gcéad leibhéal eile oideachais/oiliúna Ach an dámhachtain seo a ghnóthú beidh ar chumas an fhoghlaimeora dul ar aghaidh chuig cláir chuí eile as a leanfaidh dámhachtainí ar an gcéad leibhéal eile nó ag leibhéil níos airde den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.	**Comhaontuithe idirnáisiúnta** Tugtar tagairtí don Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí sa Chreat Eorpach um Cháilíochtaí. Féachtar http://www.qqi.ie/Qualifications/Pages/Certificate-Supplement.aspx Tá cleachtadh tugtha chun críche ag údaráis dámhachtana agus cáilíochtái na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe chun gur féidir comparáid ghinearálta a dhéanamh idir cáilíochtaí agus a leibhéil in Éirinn, in Albain, i Sasana, sa Bhreatain Bheag agus i dTuaisceart Éireann. Féachtar http://www.qqi.ie/Qualifications/Pages/Certificate-Supplement.aspx

Bonn dlíthiúil

An tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012 Deimhnithe a eisíodh idir 2001 agus 2012, ba í Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna a d'eisigh iad ar bhonn Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 1999.

6. Slite a aithnítear go hoifigiúil chun deimhniú a fháil

Cuireann raon leathan soláthraithe cláir bhreisoideachais agus oiliúna ar fáil in Éirinn i raon leathan suíomhanna. Áirítear orthu sin institiúidí poiblí agus institiúidí a mhaoinítear go príobháideach. D'fhéadfaí an oiliúint a dhéanamh i raon suíomhanna lena n-áirítear ag an ionad oibre nó i socrú pobail nó óige.

Cuirtear caighdeáin dámhachtana in iúl i bhfoirm torthaí foghlama a bhfuil súil leo. Gheofar iad ar fad ar líne:

http://www.qqi.ie/Qualifications/Pages/Certificate-Supplement.aspx

Déanann an QQI cláir oideachais agus oiliúna as a leanann deimhnithe a bhailíochtú chuige sin. Déanann an QQI monatóireacht, leis, ar cháilíocht an tsoláthair (http://www.qqi.ie).

Foghlaim san ionad oibre

Gné éigeantach de gach sonraíocht mórdhámhachtana is ea taithí oibre nó a coibhéis. Iarrtar ort tagairt a dhéanamh don tsonraíocht dámhachtana ag
http://www.qqi.ie/Qualifications/Pages/Certificate-Supplement.aspx chun breis faisnéise a fháil.

Foghlaim roimh ré atá creidiúnaithe

Féadfaidh duine ar bith iarratas a dhéanamh ar chreidiúnú d'fhoghlaim roimh ré chun críocha rochtain a fháil ar chlár as a leanann dámhachtain bhreisoideachais agus oiliúna, ar dhíolúine laistigh de chlár agus ar rochtain dhíreach ar dhámhachtainí. Soláthraí oideachais agus oiliúna, atá ceadaithe ag an QQI chun é sin a dhéanamh, a chaithfidh an measúnú a dhéanamh. Déantar nóta ar thrascríbhinn an fhoghlaimeora de chomhpháirteanna den dámhachtain a bhfuarthas díolúine ina leith de thoradh deimhniú roimhe sin. Ní dhéantar comhpháirteanna a gnóthaíodh trí chreidiúnú d'fhoghlaim roimh ré a nótáil ar an deimhniú.

Uaireanta an Chloig faoi Threoir:

Is iad uaireanta an chloig faoi threoir na huaireanta a chaitheann an soláthraí ag soláthar inneachar an chláir go díreach don fhoghlaimeoir. Áirítear orthu teagmháil ranga, teagmháil dhíreach ar líne, measúnú agus am saotharlainne. Féadann treoir i dtaca le hobair, i gcás ina bhfuil teagascóir ar an láthair ag soláthar inneachair, a bheith san áireamh.

Uaireanta Féintreoraithe

Uaireanta féintreoraithe is ea uaireanta an chloig inarb é an foghlaimeoir a threoraíonn an fhoghlaim. Áirítear orthu am cleachtaidh, taithí oibre, ullmhúchán, am staidéir agus am machnaimh.

Mórdhámhachtainí

Leibhéal	Creidiúintí Mórdhámhachtana	Iarracht iomlán an F fhoghlaimeora (luach creidiúna X 10) in uaireanta an chloig	Uaireanta faoi Threoir an Chláir Raon	Uaireanta Féintreoraithe an Chláir Raon
L 5	120	1200	500-1000	200-700

L 6	120	1200	500-1000	200-700

Dámhachtain Sainchuspóra

	Luachanna Creidiúna	Iarracht iomlán an fhoghlaimeora (luach creidiúna X 10) in uaireanta an chloig	Uaireanta faoi Threoir an Chláir Raon	Uaireanta Féintreoraithe an Chláir Raon
Leibhéil 5-6	5	50	15-50	0-35
	10	100	30-100	0-70
	15	150	50-130	20-100
	20	200	80-160	40-120

Riachtanais iontrála

Chun rochtain a fháil ar chláir as a leanann an dámhachtain seo ní mór don fhoghlaimeoir na caighdeáin eolais, scile agus inniúlachta a ghabhann le leibhéal an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí roimhe sin a shroicheadh. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach trí cháilíocht fhoirmiúil nó trí thaithí ábhartha saoil agus oibre.

Eolas Breise

Gheofar faisnéis ar chláir bhailíochtaithe ar shuíomh Gréasáin an tsoláthraí lena mbaineann agus ar http://www.qqi.ie/Qualifications/Pages/Certificate-Supplement.aspx

Gheofar faisnéis bhreise (lena n-áirítear tuairisc ar an gcóras náisiúnta cáilíochtaí) ag:

www.nfq.ie agus www.qqi.ie

Pointe náisiúnta tagartha

Óstálann Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) Aithint Cáilíochtaí atá ina chuid de Líonra Eorpach na Lárionad Faisnéise / Lárionaid Náisiúnta Faisnéise um Aitheantas Acadúil (ENIC/NARIC) agus a ghníomhaíonn mar an Pointe Tagartha Náisiúnta do cháilíochtaí breisoideachais. Gheofar breis faisnéise ag www.qualrec.ie .

Tionscnamh is ea Europass (www.europass.ie) a ceapadh chun tacú le saoránaigh AE agus iad ag lorg fostaíochta nó deiseanna staidéir ar fud na hEorpa. Le punann leictreonach de chúig dhoiciméad caighdeánaithe is féidir tuiscint a fháil go héasca ar cháilíochtaí, obair agus taithí staidéir agus comparáid a dhéanamh eatarthu. Is éard a gheofar sa phunann:

- Europass Curriculum Vitae
- Pas Teangacha Europass
- Soghluaisteacht Europass
- Forlíonadh ar Dhioplóma Europass
- Forlíonadh ar Dheimhniú Europass

Is é Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) a chuireann an Forlíonadh ar Dheimhniú Europass ar fáil chun tacú le haitheantas agus tuiscint ar fud na hEorpa ar dhámhachtainí breisoideachais agus oiliúna a dhéanann an QQI. Gheofar dámhachtainí breisoideachais agus oiliúna ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC).

Córas deich leibhéal is ea an CNC (féach an léiriú thíos) ina bhfuil cineálacha éagsúla cáilíochtaí, a dtugtar cineálacha dámhachtana orthu. Bunaítear gach leibhéal ar raon faisnéise, scile agus inniúlachta, atá comhaontaithe go náisiúnta, a chaithfidh an foghlaimeoir a léiriú chun an dámhachtain lena mbaineann a ghnóthú. Léiríonn an cineál dámhachtana an cuspóir, an méid agus na deiseanna do dhul chun cinn atá ag gabháil leis an dámhachtain. Ní eisítear Forlíonadh ar Dheimhniú ach amháin i gcás mórdhámhachtainí agus dámhachtainí sainchuspóra.

Aithnítear go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta gach cáilíocht atá sa CNC, tugtar tagairtí dóibh san EQF agus dearbhaítear a gcáilíocht. Soláthraithe a thairgeann cláir oideachais agus oiliúna as a leanann dámhachtainí breisoideachais agus oiliúna, déanann an QQI a gcáilíocht a dhearbhú i láthair na huaire.

Ceithre chineál dámhachtana atá sa CNC:

Mórdhámhachtain is ea cáilíocht a bhfuil méid suntasach torthaí foghlama ag gabháil leis, Ullmhúchán is ea mórdhámhachtian do phost, do rannpháirtíocht sa tsochaí agus sa phobal agus do rochtain ar leibhéil níos airde oideachais agus oiliúna.
Miondámhachtain is ea dámhachtain a chineann ó agus a chaithfidh nasc a bheith ann idir í agus mórdhámhachtain, dámhachtain sainchuspóra nó dámhachtain fhorlíontach amháin ar a laghad. Bíonn miondámhachtainí níos lú ná an dámhachtain/na dámhachtainí tuismitheora. Aitheantas is ea miondámhachtain d'fhoghlaim atá ábhartha agus luachmhar inti féin.
Déantar **dámhachtain sainchuspóra** chun críche cuspóirí sonracha agus cuspóirí measartha cúnga. Comhpháirt amháin nó níos mó a bhíonn i ndámhachtainí sainchuspóra. Ní mór don fhoghlaimeoir gach riachtanas ráite a chomhlíonadh chun an dámhachtain sainchuspóra a fháil.
Dámhachtain is ea **dámhachtain fhorlíontach** ina n-aithnítear foghlaim a bhaineann le huasdátú/uasoiliúint agus/nó oideachas agus oiliúint leanúnach ag féachaint go háirithe do shlite beatha. Comhpháirt amháin nó níos mó a bhíonn i ndámhachtainí sainchuspóra. Ní mór don fhoghlaimeoir gach riachtanas ráite a chomhlíonadh chun an dámhachtain forlíontach a fháil.



AWARDING BODIES

- FETAC - awarded by Quality and Qualifications Ireland (QQI)
- SEC - State Examinations Commission *(Department of Education and Skills)*
- HETAC - awarded by Quality and Qualifications Ireland (QQI)
- IoT - Institutes of Technology
- DIT - Dublin Institute of Technology
- Universities

AWARDS IN THE FRAMEWORK

There are four types of award in the National Framework of Qualifications:

- **Major Awards:** named in the outer rings, are the principal class of awards made at a level
- **Minor Awards:** are for partial completion of the outcomes for a Major Award
- **Supplemental Awards:** are for learning that is additional to a Major Award
- **Special Purpose Awards:** are for relatively narrow or purpose-specific achievement

European Qualifications Framework

For further information consult: www.nfq.ie www.QQI.ie

© QQI 2012

NFQ na hÉireann	EQF
10	8
9	7
8	6
7	6
6	5
5	4
4	3
3	2
2	1
1	1

European Qualifications Framework